



Cuntasóir Airgeadais Páirtaimseartha

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais don phost Cuntasóir Airgeadais Páirtaimseartha.

Fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

Is é TG4, an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is corparáid phoiblí chraolacháin é TG4 a bhunaigh an Rialtas atá á mhaoiniú ag an Rialtas. Is é an tAire Cumarsáide a cheapann Bord TG4. Tá an cainéal ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain ar an Idirlíon. Is foilsitheoir/craoltóir é TG4 a fhaigheann formhór a chuid ábhair ón earnáil neamhspleách léiriúcháin, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá TG4 ag earcú Cuntasóir Airgeadais a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i nGaeltacht na Gaillimhe.

Beidh tú freagrach as an obair seo a leanas maille le cúraimí eile:

- Cuidiú le cuntas míosúil Brabúis & Caillteanais agus clár comhardaithe a ullmhú
- Tuairisceáin CBL, comhlíonadh na ndualgas maidir le Cáin Ioncaim agus Cáin Corparáide
- Iontrálacha a ullmhú don leabhar cunta agus iad a chur isteach
- Cúnamh taca a chur ar fáil don Mheitheal Creidmheasa & Bailiúcháin
- Cuidiú le buiséid a ullmhú
- Cuidiú le réamh-mheastacháin maidir le sreabhadh airgid
- Clár na Sócmhainní Seasta a choinneáil agus a bhreithniú
- Cuidiú le nósanna imeachta agus polasaithe soláthair
- Athbhreithniú agus tuairisciú maidir le costais foirne agus barrchostais
- An cháipéisíocht maidir le próisis agus leis an rialáil inmheánach a choinneáil i gcaoi mhaith agus a chinntiú go gcloítear lena bhfuil inti
- Próisis agus córais nua a fhorbairt agus a shruthlíniú de réir mar is gá chun cinntiú go mbeidh an rannóg chomh héifeachtúil agus is féidir
- Eolas faoi chostas a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus do ranna eile de réir mar is gá
- Tuairiscí reachtúla agus tuairiscí inmheánacha faoi chúrsaí airgeadais a chur ar fáil go tráthúil
- Cuidiú le hobair ullmhúcháin d'iniúcháireacht inmheánach/sheachtrach
- Cuidiú le cruinnithe Boird agus Fochoistí an Bhoird a eagrú / freastal ar chruinnithe Boird agus Fochoistí an Bhoird
- Eolas maidir le tuairisceáin mhíosúla agus bhliantúla don Phríomh-Oifig Staidrimh a ullmhú
- Oibriú ar thionscadail ad hoc de réir mar a éillítear
- A bheith i do bhall foirne éifeachtach a dhéanfaidh fuinneamh agus feabhas leanúnach a spreagadh sa rannóg

Nithe atá riachtanach don phost seo

- Ní foláir duit a bheith i do chuntasóir láncháilithe (ACA/ACCA/CIMA nó a chomhionann) le taithí roimhe seo ar rialachas airgeadais agus ar rialachas iniúchta.
- Beidh taithí mhaith agat ar ríomhairí (sárthuiscint ar Excel, MS Office agus beidh sé de chumas ionat córais nua a fhoghlaim go tapa), beidh tú airdeallach ar mhionsonraí agus léireoidh tú go bhfuil próiseas cinnteoireachta loighciúil agat.

- Is rannóg ghnóthach í seo a bhíonn ag obair faoi bhrú agus le dithneas agus beidh ort a bheith ábalta oibriú sa timpeallacht sin.
- Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe agat i ról den chineál céanna.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge líofa agat, idir scríobh agus ó bhéal.
- Tá Polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

Seol d'arratas mar aon le litir chumhdaigh chuig cv@tg4.ie roimh 4pm Dé Céadaoin an 5 Deireadh Fómhair 2022.